



24 Feabhra 2021

A Thuismitheoir/Chaomhnóir, a chara,

Inné, d'fhoilsigh an Rialtas an plean do na chéad chéimeanna eile don fhilleadh ar sholáthar inscoile do dhaltáí bunscoile agus iar-bhunscoile. Tá na céimeanna breise seo forbartha mar thoradh ar theagmháil leanúnach le ceardchumann agus le comhpháirtithe oideachais eile agus teagmháil a leanann ar aghaidh leis an Roinn Sláinte agus Sláinte Poiblí FSS.

Dhearbhaigh an Roinn Sláinte agus FSS athuir gur timpeallachtaí riosca íseal iad na scoileanna féin agus gur féidir le hathoscailt chéimnithe tarlú ag an am seo. Tá athbhreithniú déanta ag sláinte phoiblí ar na bearta atá curtha i bhfeidhm chun oibriú sábháilte scoileanna a dheimhniú agus táthar sásta go gcoimeádfaidh na bearta coiscthe agus rialaithe ionfhabhtaithe, má chloítear go docht leo, pobal na scoile sábháilte le linn na tréimhse seo.

Beidh tréimhse ama idir gach céim chun tionchar na hathoscailte ar ghnéithe den tarchur pobail a mheas.

- Ar an Luan 1 Márta fillfidh na chéad cheithre rang ag leibhéal na bunscoile - naíonáin shóisearacha agus shinsearacha, rang a haon agus a dó - agus scoláirí bliain dheiridh na hArdteistiméireachta chuig soláthar inscoile. Ag an gcéim seo freisin tarlóidh fillleadh ar fhreastal iomlán leanáí i scoileanna speisialta.
- Is é an Luan 15 Márta an spriocdháta don chuid eile de na leanáí bunscoile le fillleadh ar sholáthar inscoile - daltaí rang a trí go rang a sé – mar aon le scoláirí Ardteistiméireachta sa chúigiú bliain. Déanfar athbhreithniú ar an dáta seo sa tréimhse i ndiaidh 1 Márta.
- Is é an Luan 12 Aibreán, i ndiaidh saoire na Cásca, an spriocdháta don chuid eile de na scoláirí iar-bhunscoile - scoláirí ón gcéad go dtí an ceathrú bliain - le fillleadh ar oideachas inscoile.

Tiocfaidh deireadh le soláthar an chiantegaisc agus na cianfhoghlama do dhaltáí i ngach catagóir a luaithe agus a thosaíonn an soláthar teagaisc agus foghlama i bpearsan do gach grúpa daltaí.

Tá sábháilteacht ríthábhachtach inár scoileanna, agus leanfar leis an soláthar uile i scoileanna de réir na comhairle sláinte poiblí a forbraíodh do shuíomhanna oideachais. Leanfaidh maoiniú agus tacú na Roinne de réir mar is gá do bhearta um chosc agus rialú ionfhabhtaithe i scoileanna chun sábháilteacht phobal na scoile a dheimhniú. Tá Sláinte Poiblí FSS lán-tiomanta do thacú le scoileanna. Tacóidh foirne scoileanna a cuireadh ar bun chun tacú le scoileanna ó Dheireadh Fómhair le scoileanna le linn an fhilleadh céimnithe agus ina dhiaidh sin.



Is eol dúinn go léir na hiarmhairtí an-díobhálach ag leibhéal an duine aonair, an teaghlaigh agus na sochaí a bhaineann le gan fáil a bheith ar fhoghlaim i bpearsan do dhaltaí. Tá fillleadh slán agus athoscailt shábháilte mharthanach ár scoileanna mar phríomhthosaíocht don Rialtas.

Glacaim leis go bhfuil an athoscailt chéimnithe dúshlánach do go leor daoine, le leanaí in aoisghrúpaí difriúla sna teaghlaigh chéanna ag fillleadh ag amanna éagsúla. Tá sé mar chuspóir ag bainistiú an fhillte céimnithe cúramach seo soghluaisteacht an daonra a theorannú agus srian a chur le scaipeadh an víris.

Iarraim ar gach tuismitheoir comharthaí Covid-19 a athbhreithniú, le bhur dtoil, lena dheimhniú nach bhfreastalaíonn leanaí le siomptóim ar scoil agus go dtuigeann gach leanbh na nósanna imeachta atá i bhfeidhm ar scoil.

Lean ar aghaidh ag cloí le gach treoir maidir le fadú sóisialta agus fanacht sa bhaile seachas turais riachtanacha. Is féidir le tuismitheoirí cuidiú le scoileanna trí bheith freagrach go haonair agus gan a bheith ag seasamh timpeall lasmuigh den scoil ag amanna fágála agus bailithe. Tá sé go hiontach go bhfeicfidh leanaí a gcairde ar scoil, ach ná heagraigh dátaí súgartha ná cuairteanna baile le bhur dtoil.

Tuigimid go léir an rithábacht a bhaineann le hathoscailt na scoile agus caithfidh an deis is fearr a thabhairt dó le gach dalta a fháil ar ais chomh tapa agus is féidir.

Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl duitse agus don teaghlach as cloí go leanúnach leis na treoirlínte agus cabhrú linn go léir srian a chur le scaipeadh an víris. Guím gach rath ar do theaghlach leis an bhfillleadh slán i bpearsan ar an scoil sna seachtainí amach romhainn.

D'fhéadfadh a bhfuil thíos a bheith cabhrach:

Nasc chuig póstaer agus físeáin - <https://www.gov.ie/ga/collection/5572b-back-to-school-advice-for-parents-students-and-families/>

mise le meas

Norma Foley TD
Aire Oideachais